MacLitriú
Litreoir Gaeilge do Mac OS X

snasta

Mail (agus feidhmchláir eile Mac OS X, ar nós Safari, iChat, TextEdit, etc.)

1. Cliceáil ar Edit -> Show Spelling and Grammar



2. Osclófar fuinneog



3. Roghnaigh Gaeilge ón roghchlár anuas



4. Déanfar téacs na cáipéise a sheiceáil



5. **Chun an litriú a sheiceáil agus tú ag clóscríoh/roimh an ríomhphost a sheoladh. Cliceáil Edit -> Spelling & Grammar -> Check Spelling -> While Typing / Before Sending**



iWork (lena n-áirítear Pages, Numbers agus Keynote)

1. **Cruthaigh cáipéis nua. Sula dtosaíonn tú ag clóscríobh, cliceáil ar an T san fhuinneog “Inspector”. Cliceáil ar “More”. Roghnaigh ‘Gaeilge’ ón roghchlár anuas.**

2. Ní féidir teanga na cáipéise ina hiomlán a athrú in Pages, ach déantar teanga a láimhseáil ar nós dath cló nó clófhoirne (i.e. d'fhéadfá litriú ailt amháin a sheiceáil i mBéarla, agus litriú ailt eile a sheiceáil as Gaeilge). Chun teanga an téacs ar fad a athrú, cliceáil Edit -> Select All chun gach rud a roghnú, agus roghnaigh 'Gaeilge' arís (féach uimh. 1 thuas).

Teanga Réamhshocruithe Mac OS X a Athrú

1. Oscail "System Preferences"
2. Cliceáil ar "Language & Text"
3. Cliceáil ar "Text"

4. Roghnaigh Gaeilge ón roghchlár anuas. Anois, beidh Gaeilge roghnaithe go huathoibríoch nuair a thosaíonn tú gach feidhmchlár.



Má theastaíonn tuilleadh eolais uait nó mura bhfuil MacLitriú ag obair, déan teagmháil linn ag eolas@snasta.ie nó cuir glao ar +353 1 4403808 (8.30rn - 5.30in, Luan - Aoine)

If you need any further information or if MacLitriú is not working, please contact info@snasta.ie or call +353 1 4403808 (8.30am - 5.30pm, Mon - Fri)